New Speaker Training School

Sociolinguistic Symposium 8 – Universitat de Barcelona

COST Synthesis Report – Stephen Joyce

Réamhrá agus Aidhmeanna

Is í aidhm na tuarascála seo ná achoimre a thabhairt ar na príomhthéamaí a d'eascair as léachtaí, páipéir agus ceardlanna *Sociolinguistic Symposium 8*. Chruinnigh mic léinn iarchéime máistreachta agus dochtúireachta, taighdeoirí luathghairme agus scoláirí aitheanta de chuid na sochtheangeolaíochta le chéile in Ollscoil Barcelona idir 4-7 Iúil don scoil samhraidh, a dhírigh go príomha ar choincheap an nuachainteora i ré an domhandaithe agus ar théamaí gaolmhara ar nós na féiniúlachta sóisialta agus bainistíocht an ilteangachais i gcoitinne. Pléadh réimse leathan ábhar le linn an tSiompóisiam agus sa tuarascáil seo scagfar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn agus rianófar a nasc le coincheap nó le lionsa anailíse an nuachainteora. Díreofar ach go háirithe ar théamaí an údaráis, na cumhachta, na dlisteanachta agus na húinéireachta faoi mar a bhaineann siad le nuachainteoirí mionteangacha toisc a dtroiméise i dtaighde nuachainteoirí trí cheile agus toisc gur eascair na téamaí áirithe úd go minic as plé an tSiompóisiam. Ina theannta sin, caithfear súil siar gairid ar na ceisteanna modheolaíochta agus eitice a pléadh.

Áiríodh in ábhar na bpáipéar agus na léachtaí coincheap an nuachainteora, ní hamháin i dtéarmaí mhionteangacha na hEorpa - pléadh, i measc teangacha eile, an Chatalóinis, an Ghailísis, an Bhascais, an Ghaeilge, Gaeilge na hAlban agus an Bhreatnais, mar shampla (féach http://www.nspk.org.uk/working-groups/phase-1/working-group-1-new-speakers-and-indigenous-minority-languages.html) – ach freisin léiríodh obair an ghréasáin COST trí chéile le plé faoi nuachainteoirí i gcomhthéacs na himirce (féach http://www.nspk.org.uk/working-groups/phase-1/working-group-2-new-speakers-and-migration.html) agus nuachainteoirí i gcomhthéacs an mhargaidh saothair chomh maith (féach http://www.nspk.org.uk/working-groups/phase-1/working-group-3-new-speakers-as-workers.html). Chuir Leaschathaoirleach an Ghnímh COST, an Dr. Joan Pujolar, tús le himeachtaí an tSiompóisiam trí choincheap an nuachainteora a chur i láthair agus dúshraitheanna teoiriciúla an choincheapa a leagan amach, agus míníodh obair an ghréasáin mar aon le réimsí spéise agus taighde na ngrúpaí oibre éagsúla.

Príomhthéamaí an tSiompóisiam

I measc phríomhthéamaí an tSiompóisiam, áirítear:

- seasamh na sochtheangeolaíochta criticiúla sna heolaíochtaí sóisialta trí chéile

- an ‘nuachainteoireachas’ i dtéarmaí an domhandaithe, an ilteangachais agus na féiniúlachta sóisialta
- Dlisteanacht, údarás, úinéireacht agus cumacht shóisialta an (nua)chainteora
- Taighde ar na meáin shóisialta agus deiseanna anailíse an taighde sin i dtéarmaí nuachainteoirí mionteangacha agus
- ceisteanna modheolaíochta agus eitice i gcomhthéacs na sochtheangeolaíochta criticiúla agus na heitneagrafaíochta.

Achoimre ar Léachtaí, ar Pháipéir agus ar Cheardlanna an tSiompóisiam

Chuir Monica Heller tús le himeachtaí an tSiompóisiam le léacht dar teideal *Language and Inequality in the Contemporary World* agus d’áitigh an tOll. Heller le linn na cainte go mba cheart seasamh agus ról na sochtheangeolaíochta criticiúla sa tsochaí agus sna heolaíochtaí sóisialta i gcoitinne a bheachtú agus a shoiléiriú, más mian linn dul i ngleic leis an neamhionannas sóisialta agus tionchar na (d)teanga(cha) i gcruthú an neamhionannais sin. Tugadh faoi deara fréamhacha teoiriciúla choincheap nó lionsa anailíse an nuachainteora sa tsochtheangeolaíocht chomhaimseartha agus an tOll. Heller ag scagadh ceisteanna dlisteanachta, cumhachta, údaráis agus úinéireachta ach go háirithe, agus na fadhbanna a bhaineann leis na luachanna agus na teorainneacha a chruthaítear leis na ceisteanna sin. Is téamaí coitianta iad sin i dtaighde ar nuachainteoirí, a cheistíonn agus a thugann dushlán go minic do dhearcthaí traidisiúnta na teangeolaíochta.

Phléigh an tOll. Heller na coimhlintí a thiteann amach i réimse na (d)teanga(cha) go minic a bhaineann le cumhacht shóisialta. Ceistíodh freisin na catagóirí a úsáidter sa tsochtheangeolaíocht agus tionchar na gcatagóirí nó na lipéad sin ar dhlisteanacht an chainteora. Ag tagairt di do Bourdieu, mhínigh an tOll. Heller nach leor teanga dhlisteanach a labhairt ach gur gá a bheith i do chainteoir dlisteanach den teanga áirithe sin chomh maith. D’eascair mórcheist amháin a scagtar go minic i dtaighde ar nuachainteoirí ón bplé sin ar dhlisteanacht an chainteora: cé acu a bhfuil an t-údarás chun dlisteanacht a bhronnadh ar chainteoir(í), nó í a bhaint uathu? Tháinig téamaí na dlisteaneachta agus na húinéireachta chun cinn i bpáipéir an lae freisin. Ina measc, leag Elisabeth Holm béim ar chomhthéacs na himirce agus an mhargaidh saothair agus í ag plé taighde eitneagrafaíoch ar nuachainteoirí na Faróise ina páipéar *Language Learning and Employment Experiences: Insights from a Small Island Community*. Phléigh Stephen Joyce agus Pablo Lourenzo Quatra nuachainteoirí na Gaeilge agus na Gailísise faoi seach agus labhair Maartje de Moulder faoin gcaoi a n-úsaideann sí lionsa anailíse an nuachainteora chun taighde a dhéanamh ar nuachomharthóirí na Pléimeannaise agus dlisteanacht agus údarás na nuachomharthóirí sin i leith

chomharthóirí 'traidisiúnta' ina páipéar *The Flemish sign language community: a community in transition*.

Aithnítear tábhacht an aisfhillteachais agus ransú ar ról an taighdeora i dtaighde ar nuachainteoirí (féach O'Rourke et al. 2015, mar shampla) agus tháinig an téama sin chun cinn le linn an tSiompóisiam, ach go háirithe nuair a bhí ceisteanna modheolaíochta agus eitice faoi chaibidil. Le linn léacht Monica Heller áitíodh go bhfuil dualgas ar thaighdeoirí agus ar theangeolaithe a seasamh maidir le struchtúir na cumhachta a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar na struchtúir sin agus iad i mbun taighde. I gceardlann faoi stiúir an Oll. Heller, dar teideal *Critical Sociolinguistic Ethnography*, bhí deis ag mic léinn taighde na ceisteanna modheolaíochta sin a phlé agus a gcuid oibre a chur i láthair. Ba dheis luachmhar iad ceardlanna an tSiompóisiam do mhic léinn agus do thaighdeoirí luathghairme aiseolas a ghnóthú ó scoláirí aitheanta na sochtheangeolaíochta agus a gcuid taighde a phlé leo agus le lucht freastail an tSiompóisiam. Spreagadh comhráite agus díospóireachtaí bríomhara, spéisiúla le linn na gceardlann. Phléigh Alicia Fernández Barrera sonraí idirghníomhaithe agus a dtionchar ar an eitneagrafaíocht i réimse an oideachais dhátheangaigh. Chuir Kevin Petir Cahill páipéar dar teideal *Problematizing the anecdote in the construction of the research object* i láthair agus bhí plé suimiúil faoi ról an scéilín i dtaighde sochtheangeolaíoch – conas is féidir linn micrea-eachtraí a úsáid, a chur i láthair agus anailís a dhéanamh orthu chun macra-struchtúir a thuiscint agus a mhíniú? D'áitigh an tOll. Heller gur gá do thaighdeoirí an próiseas a bhaineann le roghnú agus le húsáid na scéalta sin a shoiléiriú agus a chosaint – cad iad na critéir ar baineadh úsáid astu agus scéalta ón ngort a chur i láthair, agus cad iad na prionsabail a thacaíonn leis na critéir sin. Roghnaigh Petit Cahill scéal faoi leith óna thréimse sa ghort – an Ghaeltacht, sa chás seo – toisc nach raibh sé ag tnúth le scéal mar sin agus é ag dul isteach sa Ghaeltacht den chéad uair mar thaighdeoir. Go minic, mar a mheabhraigh an tOll. Heller dúinn, is iad na scéalta aimhrialta agus eisceachtúla a mhíníonn nó a léiríonn an saol mar atá. Cuireadh críoch leis an gceardlann le plé faoi chúrsaí eitice sa taighde eitneagrafaíoch. Chuir Guylaine Le Guénaff páipéar dar teideal *Ethical Aspects in an ethnographic research on wine tourism in little vineyards of Tuscany* agus pléadh na dúshláin a bhaineann le hanaithnideacht rannpháirtithe i dtaighde eitneagrafaíoch i bpobail bheaga. Dar ndóigh, d'fhéadfaí na ceisteanna céanna a ardú maidir le taighde ar nuachainteoirí i bpobail mhionteangacha chomh maith. Áitíodh le linn an phlé leis an Oll. Heller ina dhiaidh go bhfuil níos mó i gceist ná síniú ar fhoirm nuair atá toiliú á lorg ag taighdeoirí ó rannpháirtithe – próiseas leanúnach atá ann agus is gá caidreamh a chruthú agus muinín a chothú leis an bpobal atá á fhiosrú ag an taighdeoir (féach Ó Laoire 2003, mar shampla den phróiseas sin).

D'eascair ceisteanna eitice as an bplé ag ceardlann leis an Dr. Joan Pujolar dar teideal *New Speakers from a Critical Sociolinguistic Analysis Perspective* chomh maith. Labhair Sara Potkonjak faoi ghaol an

taighdeora le rannpháirtithe taighde ina páipéar *Ethical Considerations for conducting research with intimate others in small communities* agus pléadh taighde atá ar bun aici le dlúthchairde léi agus na deiseanna, na dúshláin agus na himpleachtaí eitice a bhaineann le taighde den chineál sin. Áitíodh go mba cheart dúinn bogadh ó choincheap an toilithe fheasaigh i dtreo an toilithe atá bunaithe ar phróiseas dinimiciúil lena chuimsítear chomhráite oscailte leanúnacha le rannpháirtithe taighde. Moladh chomh maith go mba cheart do thaighdeoirí na ceisteanna eitice sin a scríobh isteach seachas iad a fhágáil ár lár.

Leagadh béim ar an mbeartas teanga i léacht le Xavier Vila dar teideal *Agency in Language Policy Revisited*. Labhraíodh faoin gclaonadh Angla-Mheiriceánach a bhí agus atá fós i scoláireacht an bheartais agus na bainistíocha teanga agus d'áitigh an Dr. Xavier Vila go bhfuil cur chuige níos cuimsithí ag teastáil chun tuiscintí nua a chruthú agus a fhorbairt. Maíodh go leagtar an iomarca béime ar shamhail theoiriciúla atá ró-shimplíoch agus go bhfuil an beartas/an bhainistíocht teanga níos casta ná sin. Bíonn gníomhaithe eile i gceist agus iad ar fad ag gníomhú ar mhaithe lena n-aidhmeanna áirithe féin. Amhail an dúshlán a thugann coincheap an nuachainteora don scoilt dhénártha stairiúil idir cainteoirí dúchais/cainteoirí nach cainteoirí dúchais iad, áitíodh go gcaithfear bogadh ón scoilt dhénártha idir beartas teanga ón mbarr anuas/ón mbun aníos, toisc go bhfuil frámaíocht níos uileghabhálaí ná sin de dhíth. Mar fhocal scoir, dúirt an Dr. Xavier Vila gur réimse idirdhisciplíneach é an beartas teanga nach bhfuil paraidím comhaontaithe aige. Eagraíodh ceardlann dar teideal *Language Policies and the Management of Multilingualism* chun téama an bheartais teanga a phlé a thuilleadh. Labhair Nicole Schroder faoin mbeartas teanga teaghlaigh i La Réunion agus pléadh tionchar litríocht na bpáistí ar dhearcthaí teanga agus ar stádas an Chrióil ag leibhéal an phobail ina páipéar *Children's Literature and Linguistic Socialisation in a multilingual context*. Labhair Osian Elias faoi ról féideartha na heolaíochta iompraíochta sa bheartas teanga agus é ag labhairt faoi pholasaithe i gcomhthéacs na Breatnaise agus an rialtas sa tír sin ag iarraidh milliún cainteoir Breatnaise a bhaint amach faoin mbliain 2050. I bpáipéar dar teideal *Rethinking Language Policies in Catalonia: Taking Migrant Languages into Account*, tharraing Renée Pera dhá shruth de thaighde ar nuachainteoirí le chéile (comhthéacs na mionteangacha agus na himirce araon) agus í ag labhairt faoi ról theangacha na n-imirceach sa Chatalóin agus maíodh gur gá cur chuige nua a fhorbairt a chuireann an Chatalóinis chun cinn gan neamhaird a thabhairt ar theangacha oidhreachta. Bhí plé ag Ingeborg Birnie faoin mbeartas teanga chomh maith ina páipéar *Linguistic practices and ideologies of Gaelic speakers in Stornoway*. Rinne sí dianscagadh ar thionchar an bheartais teanga oifigiúil ar fhíor-chleachtais teanga agus ar idé-eolaíochtaí teanga lucht labhartha Ghaeilge na hAlban.

Rinne an Dr. Joan Pujolar a chuid cainte faoi choincheap an nuachainteora in oscailt an tSiompóisiam a fhorbairt ina léacht dar teideal *New Speakers: Languages and Lifestyles in Late Modernity* agus pléadh chomh maith eacnamaíocht pholaitiúil nuachainteoirí mionteangacha nuair a chuirtear i gcomparáid le cainteoirí dúchais iad – cainteoirí ar leagadh béim anailíse orthu go traidisiúnta sa teangeolaíocht agus i réimsí gaolmhara. D'áitigh an Dr. Pujolar go bhfuil caipiteal sóisialta ag nuachainteoirí toisc go maireann siad, den chuid is mó, sna lárionaid uirbeacha agus tionsclaíocha ina bhfuil seirbhísí agus achmhainní ar fáil. Ina theannta sin, míníodh go mbíonn coimhlint uaireanta idir rogha(nna) saoil pearsanta an (nua)chainteora agus tionchar na cumhachta polaitiúla. Ransaíodh fréamhacha lionsa anailíse an nuachainteora mar chritíc ar choincheap an chainteora dúchais (féach, mar shampla, Davies 2003 agus Doerr 2009). Míníodh chomh maith go bhfeictear fréamhacha teoiriciúla an choincheapa i dteoiricí sóisialta leithéidí Bauman (2000), Foucault (1994) agus Giddens (1991), mar shampla, toisc gur féidir breathnú ar nuachainteoirí mar 'emerging modernities' a thugann dúshlán do phróisis chultúrtha traidisiúnta a bhí bunaithe ar idé-eolaíochtaí an náisiúnstáit. Míníodh go dtáirgeann nuachainteoirí foirmeacha nua den dhlisteanacht (theangeolaíoch). Faoi mar a rinne an tOll. Heller, d'áitigh an Dr. Pujolar gur gá an tsochtheangeolaíocht a athlonnú i réimse na n-eolaíochtaí sóisialta ar mhaithe le teanga(cha) a úsáid chun sochaí a fheidhmíonn mar is ceart a chruthú. Ag filleadh arís ar argóintí an Oll. Heller, agus ar mhórthéama i dtaighde ar nuachainteoirí, áitíodh nach leor teanga a fhoghlaim chun í a labhairt, ach caithfear an t-údarás a fháil chun í a úsáid chomh maith. Ina theannta sin, agus feictear an téama seo go minic in obair an ghréasáin COST, go háirithe i gcomhthéacs na mionteangacha, caithfear spásanna a aimsiú ina nglactar leat mar chainteoir.

Thug an Dr. Pujolar samplaí óna chuid taighde ar nuachainteoirí na Catalóinise. San áireamh labhraíodh faoi nuachainteoirí a d'fhoghlaim an teanga mar thionscnamh gairmiúil agus polaitiúil araon. Mealladh nuachainteoirí eile le taithí chultúrtha na Catalóinise agus leis an dúil a bhí acu páirt a ghlacadh i bpobal nua agus caidrimh a chruthú le baill an phobail sin. Léiríodh le linn na cainte ilghnéitheacht na nuachainteoirí agus na spreagthaí atá acu. Ag filleadh ar théama na dlisteanachta, d'áitigh an Dr. Pujolar gur pointí cinniúnacha iad na *mudes* teangeolaíocha (féach, mar shampla, Pujolar agus Gonzàlez 2013; Pujolar agus Puigdevall 2015; Walsh agus O'Rourke 2015; Puigdevall et al. 2016) nuair a dhéantar sprioctheanga a shóisialú i saol an (nua)chainteora agus, níos tabhachtaí fós, nuair a bhaintear dlisteanacht éigin amach mar chainteoir den teanga áirithe sin. Bhí tuilleadh plé faoi *mudes* teangeolaíocha i gcomhthéacs mionteanga i bpáipéar Adam Dahmer dar teideal *Gaelic mudes: An exploration of the forces that influence language use patterns among graduates of Scottish Gaelic undergraduate programmes*. Fiosraíodh sa taighde sin na cúinsí nó na noirm shóisialta a chuireann bac ar úsáid Ghaeilge na hAlban agus a chuireann úsáid na teanga chun cinn i

measc na gcéimithe. Filleadh ar théama na spreagthaí i measc nuachainteoirí nuair a thug Ciarán Ó Braonáin spléachadh suimiúil dúinn ar an ábhar seo i gcomhthéacs mionteanga agus é ag labhairt faoi fhoghlaimeoirí na Gaeilge ar mhór-roinn na hEorpa ina pháipéar *An Exploration of Learner Motivation in the Context of a Unique Non-Indigenous Minority Language*. Thug foghlaimeoirí áirithe faoin nGaeilge de bharr na cáile atá uirthi mar theanga 'dheacair' nó 'dhúshlánach' le foghlaim.

Tháinig imeachtaí an tSiompóisiam chun críche le seisiún faoi ról na meán sóisialta sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil agus na féidearthachtaí taighde agus anailíse a bhainfeadh le tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar úsáid na meán nua, suíomhanna ar nós Twitter agus Facebook, mar shampla, i measc nuachainteoirí. Labhair an Dr. Robert Lawson faoi úsáid na teanga ar Twitter agus na deiseanna agus na dúshláin anailíse a bhaineann le taighde a dhéanamh ar chorpais ollmhóra eolais ina léacht *Big data, big problems: Investigating language use on Twitter*. Leagadh béim ar chomhthéacsanna mionteangacha agus filleadh ar cheisteanna féiniúlachta sa cheardlann dheireanach faoi stiúir an Dr. Lawson dar teideal *Social Media, Discourse Analysis and Social Identity* agus cé nár leagadh béim faoi leith ar nuachainteoirí, ba léir na himpleachtaí agus na deiseanna anailíse a bhainfeadh le tionchar na meán sóisialta ar nuachainteoirí mionteangacha atá bhaineann úsáid as na suíomhanna seo chun pobail nua, pobail ar líne agus fhisiciúla araon, á lorg acu. Bhain dhá pháipéar ach go háirithe le mionteangacha: *Discourse of Irish language media fandom on Twitter: the case of #anKlondike* le Maggie Bonsey agus ina dhiaidh sin filleadh ar an bplé modheolaíochta le Jorge Diz Pico i bpáipéar dar teideal *The process of compiling a Twitter corpus for Galician*.

Focal Scoir

Léirigh plé ilghnéitheach agus idirdhisciplíneach an tSiompóisiam an tábhacht a bhaineann le comhráite agus comhoibriú rialta idir scoláirí na sochtheangeolaíochta, atá ag plé le réimsí taighde éagsúla, chun seasamh choincheap an nuachainteora sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil chomhaimseartha a bheachtú agus, thairis sin, chun seasamh na sochtheangeolaíochta criticiúla sna heolaíochtaí sósialta a shoiléiriú, mar a d'áitigh an tOll. Monica Heller agus an Dr. Joan Pujolar le linn an tSiompóisiam.

Chuir imeachtaí an tSiompóisiam deiseanna luachmhara ar fáil do mhic léinn agus do thaighdeoirí luathghairme a gcuid taighde agus taighde a gcomhghleacaithe a phlé lena chéile agus le saineolaithe aitheanta na sochtheangeolaíochta. Gnóthaíodh aiseolas agus comhairle thairbheach agus d'éirigh le lucht freastail an tSiompóisiam a gcuid taighde féin a chraobhscaoileadh agus eascróidh deiseanna féideartha comhoibrithe le comhghleacaithe idirnáisiúnta as ain amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht eagraithe an tSiompóisiam agus le gréasán taighde COST don deis seo.

Tagairtí

Bauman, Z. (2000) *Liquid Modernity*. Cambridge: Polity Press

Davies, A. (2003) *The Native Speaker: Myth and Reality*. Clevedon: Multilingual Matters.

Doerr, N.M. (eag.) (2009) *The Native Speaker Concept: Ethnographic Investigations of Native Speaker Effects*. Beirlín: Mouton de Gruyter.

Foucault, M. (1994) *The Order of Things*. Nua Eabhrac: Vintage Books.

Giddens, A. (1991) *Modernity and Self-Identity: Self and Society in the Late Modern Age*. Stanford: Stanford University Press.

Ó Laoire, L. (2003) 'Fieldwork in Common Places: An Ethnographer's Experience in Tory Island'. In: *British Journal of Ethnomusicology* 12 (1): 113-136.

O'Rourke, B., Pujolar, J., agus Ramallo, F. (2015) 'New speakers of minority languages: the challenging opportunity – Foreword'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 1-20.

Puigdevall, M., Walsh, J., Ortega, A. agus Amorrortu, E. (2016) 'New speakers and linguistic mudes: becoming, passing and belonging'. In: *Journal of Multilingual and Multicultural Development 37*.

Pujolar, J., agus Gonzàlez, I. (2013) 'Linguistic "mudes" and the de-ethnicization of language choice in Catalonia'. In: *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 16(2): 138-152.

Pujolar, J. agus Puigdevall, M. (2015) 'Linguistic mudes: how to become a new speaker in Catalonia'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 167-187.

Walsh J. agus O'Rourke, B. (2015). 'Mudes teangeolaíocha agus nuachainteoirí na Gaeilge'. In: *COMHAR*Taighde 1.